Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Saol Faoi Lánseol

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6



Na hEalaíona

- obair ealaíontóirí;
- cnaguirlisí;
- fíoracha sreinge 3T;
- sceitsí;
- dráma.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- fanacht sábháilte;
- an dóigh a dtéann gluaiseacht i bhfeidhm orainn;
- turas tríd an saol.

An Domhan Thart Orainn

- gluaiseacht agus fuinneamh;
- áit.

Corpoideachas

- eitilt i ngleacaíocht;
- gníomhaíochtaí éagsúla coirp;
- seicheamhú gluaiseachtaí.

FÓCAS

Bíonn an domhan s'againn ag síorbhogadh agus ar fud 'An Saol Faoi Lánseol' faigheann na páistí amach faoi athrú agus ghluaiseacht ina mbeatha agus freagraíonn siad dóibh. Fiosraíonn siad cuid de na dálaí a théann i bhfeidhm ar ghluaiseacht daoine anois agus san am a d'imigh.

BOG LEIS AN BHUILLE

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith in ann freagairt don cheol agus don fhuaim, agus iad a léirmhíniú go samhlaíoch tríd an ghluaiseacht.
- Bheith eolach ar cháilíochtaí fuaime roinnt gnáthuirlisí ceoil.
- An gá atá le fuaim agus gluaiseacht a sheicheamhú a thuiscint.
- Bheith in ann an ceol a chruthaigh siad a chaomhnú.

Gníomhaíochtaí Molta

Éist le agus pléigh réimse filíochta a bhfuil rithim agus buille sonraíoch leis, mar shampla, 'The Highway Man', 'The Night Mail'. Éist le héagsúlacht ceoil, mar shampla, fadálach/brónach, gasta/sona nó séimh/seolta.

Freagair do gach píosa ceoil le gluaiseacht agus labhair faoin fhreagairt. Pléigh codarsnachtaí féideartha sna gluaiseachtaí, mar shampla, trom/éadrom, caol/leathan, ard/íseal, gasta/mall, tobann/marthanach nó rithimeach/saor.

Labhair faoin dóigh a gcruthófá fonn a sheasfadh do ghluaiseacht ar leith. Cruthaigh píosa simplí ar chnaguirlisí tiúnta nó neamhthiúnta a choinneodh tionlacan le gluaiseachtaí malla, gasta, gairide nó seolta. Cuir le chéile seicheamh de ghluaiseachtaí codarsnacha. Gníomhaigh seicheamh na ngluaiseachtaí dá chéile agus ansin cruthaigh fuaimrian simplí nó sraith fuaimeanna a rachadh leis na gluaiseachtaí. Pléigh na huirlisí ba chóir a úsáid agus an dóigh ab fhearr iad a sheinm le tréithe na gluaiseachta a léiriú. Úsáid bogearraí TFC mar 'Compose World Junior' leis an seicheamh seo a ghníomhú agus a thaifeadadh.

Cruthaigh patrún simplí a sheasfadh d'inneall ar obair, le páirteanna éagsúla ag bogadh ar luasanna éagsúla le patrúin shuimiúla a chruthú timpeall ar chuisle sheasta. Mar shampla, tochras, gluaiseacht, gníomhú an innill agus moilliú.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk ⊕ www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

AN BHFUIL LÉASPÁIN AR MO SHÚILE?

Rúin Mholta Foghlama

- An dóigh a n-úsáideann ealaíontóirí meáin agus próisis éagsúla ina gcuid oibre a thuiscint.
- Bheith in ann réimse teicnící suntasacha a úsáid.
- An dóigh le cuid eilimintí amhairc a úsáid a thuiscint.
- Bheith eolach ar theicnící éagsúla le hábhair a cheangal.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh mar a léirigh Alberto Giacometti gníomh ina chuid dealbhóireachtaí, mar shampla, Fear ag Siúl (líníocht), Fear ag Siúl (dealbhóireacht) agus Le Chien. Smaoinigh ar an dóigh ar chuir sé an siúl in iúl. Pléigh na hábhair a d'úsáid sé agus maígh an próiseas inar oibrigh sé.

Le tagairt i gcomhair tuilleadh oibre a thógáil, tóg grianghraif gnímh a chéile sa chlós súgartha nó déan sceitse pinn luaidhe nó gualaigh fíoracha á ndeasú féin sa rang. Dírigh ar chomhreir, chruth agus uillinneacha na n-alt agus forbair feasacht do na téarmaí uillinneacha 'maola' agus 'athfhillteacha'.

Déan roinnt fíoracha ag obair le sreang bhog, (tiontaithe ag an deireadh agus daingnithe le téip chumhdaigh). Láimhsigh í le fíor cnámharlaigh a chruthú, tuairim is ar 20-30cm ar fad. Ba chóir go léireodh an corp sreinge go soiléir gníomh bunaithe ar cheann de na sceitsí ullmhúcháin ó na grianghraif. Clúdaigh an tsreang le stiallacha/giotaí tanaí Mod-Roc le fíoracha de chineál Giacometti a chruthú. Déan dianscrúdú ar idéanna ar an dóigh ar chóir na fíoracha a chríochnú (péinteáil go teibí nó níos fírinní le héadaí agus dath craicinn). Léirigh agus labhair faoin obair agus cuir síos ar na gnéithe is mó taitneamh. Smaoinigh ar chomh maith a léiríodh gníomh agus gluaiseacht, ag míniú an dóigh ar baineadh sin amach.

CUIR BUILLE LEIS AN SPÓRT (DRÁMA)

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh le freagairt do bhuillí.
- Bheith in ann seichimh gluaiseachta a chruthú ag úsáid fuaime agus rithime.
- Bheith eolach ar an dóigh le script a fheabhsú.
- Bheith in ann dán córúil a chruthú.
- Bheith in ann gníomhú os coinne lucht éisteachta.

Gníomhaíochtaí Molta

Bailigh grianghraif ghnímh spóirt. Gníomhaigh agus athbhreithnigh réimse spórt éagsúil á n-imirt ag úsáid buille druma leis na gníomhartha a athrú.

Roinn spórt éigin ina cheithre ghluaiseacht ghnímh agus sioc gach gníomh (mar shampla, cic pionóis sa pheil, scaoileadh saighde sa bhoghdóireacht, babhláil liathróide sa chruicéad, úsáid an bhíoma sa ghleacaíocht). Forbair réimse gníomhaíochtaí spóirt agus ceangail le chéile iad i mallghluaisne (ó sheirbheáil leadóige, go crágshnámh, go tiomáint railí, go sábháil cúil, go scóráil sa chispheil, go tógáil meáchain). Cuir ceol leis an seicheamh, mar shampla, 'We are the champions'. Athbhreithnigh agus measúnaigh gach seicheamh i ngníomh.

Fiosraigh gníomhaíocht agus an rang iomlán ina dtacadóirí ar an seastán ag cluiche peile. Tosaigh le grúpaí cairdiúla ag teacht isteach ar an seastán. Ceol amhrán nó cantaireachtaí peile agus bog go cuí, mar shampla, luascadh le lámha in airde. Úsáid dalta le liathróid shamhlaíoch a bhogadh go béal gach báire agus lig do na tacadóirí freagairt ó bhéal agus ó amharc. Leasaigh na nóiméid a roghnaíodh i seicheamh mallghluaisne.

Pléigh an teanga a úsáideann tacadóirí le linn cluiche peile agus taifead focail, frásaí, cantaireachtaí agus tuairimí i ndán córúil. Athbhreithnigh an dán lena ghníomhú. Cuir éifeachtaí fuaime leis agus gluaiseacht. Cuirfidh gach dalta cló agus léaráidí le cóip den dán.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

FANACHT SÁBHÁILTE IS TÚ FAOI SHIÚL

Rúin Mholta Foghlama

- An chontúirt a bhíonn de nádúr i gcásanna áirithe a aithint.
- Cuid d'iarmhairtí gníomhartha a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianscrúdú ar na háiteanna is contúirtí sa chomharsanacht, áiteanna a mbíonn sábháilteacht phearsanta faoi bhagairt. Léirigh na freagraí go grafach agus aithin na trí áit is contúirtí.

Pléigh an chiall atá le 'uair na contúirte' i gcás taisme - nuair a d'fhéadfadh taisme fhéideartha tiontú ina fíorthaisme, nuair a thig leat d'intinn a athrú i bhfaiteadh na súl. Aithin 'uair na contúirte' ó rogha de chnámhscéalta. Mar shampla, ag trasrian coisithe ní mhoillíonn páiste le hamharc ar an trácht atá ag teacht sula dtiocfaidh sé den chosán (is é teacht den chosán an 'UC'), gasúr óg ag téascsáil teachtaireachta ar a ghuthán siúil, a thrasnaíonn an bóthar gan amharc (siúl ar an bhóthar). Oibrigh i mbeirteanna agus pléigh an rud a thiocfadh leis an pháiste a dhéanamh roimh bhogadh den chosán.

I mbeirteanna, machnaigh ar uair le déanaí ina saol (dearfach nó diúltach) a thig leo a chur i gceann de chatagóirí an chéad liosta. Scríobh agus léirigh an eachtra - cadé a tharla, cár tharla sé. Aithin 'Uair na Contúirte'. Cén chríoch a bhí air? Cad é a d'fhoghlaim tú ón ócáid? Gabh i mbeirteanna agus roinn na heispéiris.

An Saol Faoi Lánseol



Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6

Na hEalaíona
- obair ealaíontóirí;
- cnaguirlisí;
- fíoracha sreinge 3T;
- sceitsí;
- dráma.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint
- fanacht sábháilte;
- an dóigh a dtéann gluaiseacht i bhfeidhm orainn;
- turas tríd an saol.

An Domhan Thart Orainn
- gluaiseacht agus fuinneamh;
- áit.

Corpoideachas
- eitilt i ngleacaíocht;
- gníomhaíochtaí éagsúla coirp;
- seicheamhú gluaiseachtaí.

FÓCAS

Bíonn an domhan s'againn ag síorbhogadh agus ar fud 'An Saol Faoi Lánseol' faigheann na páistí amach faoi athrú agus ghluaiseacht ina mbeatha agus freagraíonn siad dóibh. Fiosraíonn siad cuid de na dálaí a théann i bhfeidhm ar ghluaiseacht daoine anois agus san am a d'imigh.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

CULTÚR AGUS FÉINIÚLACHT

Rúin Mholta Foghlama

- Ilchineálacht ghrúpaí a aithint sa phobal agus meas a bheith acu orthu.
- A aithint go bhfuil traidisiúin, féilte agus ceiliúrthaí uathúil do chultúir éagsúla.
- An cion dearfach a rinne grúpaí éagsúla do shaol an phobail a aithint.

Gníomhaíochtaí Molta

Léigh an scéal 'Scrapbook Summer' le Dave Duggan ó Primary Values Pack CCSM. Fiosraigh na carachtair ó 'Scrapbook Summer' agus pléigh an dóigh a dtig linn míthuairim a thógáil de dhaoine nach bhfuil aithne againn orthu, bunaithe ar chosúlachtaí agus ar thuairimí ceaptha.

Faigh eolas ar fhéiniúlacht chultúrtha, cén rud í, dar leat, éadaí, amhráin, siombailí a bhaineann léi. Tuig gur féidir go mbeadh sí seo difriúil le do chomharsa, chol ceathrair, chairde.

Úsáid bogearraí TFC mar 'Interlinks' CD-ROM le héirí feasach ar an ilchineálacht chultúrtha i dTuaisceart Éireann. Éirigh cleachta leis na nósanna agus traidisiúin ó ghrúpa eile mionlaigh sa phobal, mar shampla, Indiach, Síneach nó an lucht siúil. Iarr ar bhall den phobal seo teacht go dtí an scoil le labhairt ar a bhféiniúlacht féin. Faigh amach faoin dóigh a gcuireann siad leis an mhórphobal, an obair a dhéanann siad san áireamh. Dear agus déan crann pobail leis an ilchineálacht a mhaireann ar leibhéal náisiúnta i dTuaisceart Éireann a léiriú. Tá sampla maith de seo in 'That's Not Fair' le Barry agus Trish Millar. Machnaigh ar an saothar agus labhair faoin dóigh arbh fhéidir gur athraigh do chéad dearcadh.

FÁS AGUS ATHRÚ

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh a bhfásann agus a bhforbraíonn an corp.
- A thuiscint go mbíonn fás agus athrú leanúnach ar fud na beatha.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianscrúdú ar chuid de na hathruithe a d'fhéadfadh tarlú i saol duine. I ngrúpaí, dear cairt 'amlíne fáis agus athraithe', leis na céimeanna a dtéimid tríothu ó bhreith go seanaois a sheicheamhú. I ngach céim den amlíne, smaoinigh faoin fhás a tharlaíonn agus achoimrigh dearcadh an ghrúpa ar an chairt. I ngrúpaí, aithin an t-am/na hamanna is mó athrú. Amharc ar an éagsúlacht a mhaireann sa rang lena athdhearbhú go mbíonn rátaí fáis aonair agus uathúil do gach duine.

Ina n-aonar, dear agus maisigh 'amlíne fáis agus athraithe'. Bíodh eolas ann a fuarthas ón bhaile, mar shampla, meáchan breithe, aoiseanna inar casadh na marcanna, athruithe le déanaí. Cuir amlínte i gcomparáid le cuid daoine eile agus pléigh na cosúlachtaí agus difríochtaí (agus an bhéim arís ar uathúlacht gach duine againn). Aithin amanna ar amlínte aonair nuair a bhí tú ábalta i do chorp dreapadh ar bharr rudaí, léim de rud éigin, rudaí a oscailt nó a dhruidim ach nach raibh tú aibí go leor lena thuiscint go bhféadfadh an rud a bhí tú a dhéanamh bheith contúirteach. Cuir síos ar chuid de na cuimhní seo sa ghrúpa.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Saol Faoi Lánseol

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6



Na hEalaíona

- obair ealaíontóirí;
- cnaguirlisí;
- fíoracha sreinge 3T;
- sceitsí;
- dráma.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- fanacht sábháilte;
- an dóigh a dtéann gluaiseacht i bhfeidhm orainn;
- turas tríd an saol.

An Domhan Thart Orainn

- gluaiseacht agus fuinneamh;
- áit.

Corpoideachas

- eitilt i ngleacaíocht;
- gníomhaíochtaí éagsúla coirp;
- seicheamhú gluaiseachtaí.

FÓCAS

Bíonn an domhan s'againn ag síorbhogadh agus ar fud 'An Saol Faoi Lánseol' faigheann na páistí amach faoi athrú agus ghluaiseacht ina mbeatha agus freagraíonn siad dóibh. Fiosraíonn siad cuid de na dálaí a théann i bhfeidhm ar ghluaiseacht daoine anois agus san am a d'imigh.

CNÁMHSCÉAL PRAITICIÚIL MOLTA

(20ú hAois luath)

- Roinn an rang i ngrúpaí de chúigear, is baile é gach grúpa: is sráidbhailte teicstíle dhá cheann acu (A & D), sráidbhailte feirmeoireachta dhá cheann (B & E) agus i mbaile mór amháin acu atá an tionscal longthógála lonnaithe.
- Iarr ar gach grúpa ainm a thabhairt ar an sráidbhaile/bhaile s'acu.
- Tabhair roinnt teideal poist do gach sráidbhaile/baile agus lig do na páistí ceann a roghnú, mar shampla,
  - Sráidbhailte teicstíle: maisíneoirí, bríceadóirí, dochtúirí, múinteoirí.
  - Sráidbhailte feirmeoireachta: feirmeoirí, treabhdóirí, múinteoirí.
  - Longthógáil: oibrithe oilte agus neamhoilte.
- Tabhair na páistí go dtí achar mór leagtha amach le mataí mar atá léirithe thíos agus iarr orthu dul agus seasamh ar mhata a sheasann don sráidbhaile s'acu.
- Cuir cnámhscéalta ar fáil, mar shampla:
  - Tá an tionscal teicstíle á chomhchruinniú ar an bhaile mar tá sé níos saoire, níl aon duine ag ceannach do chuid éarraí, cad é atá tú ag dul a dhéanamh?
  - Tá an tarracóir i ndiaidh breith ar obair an treabhdóra, tá tú dífhostaithe, cad é a dhéanfaidh tú?
- De réir mar a roghnaíonn níos mó páistí bogadh go dtí an baile mór, mínigh na cnámhscéalta a leanas:
  - Mar gheall ar mhéadú daonra ar an bhaile, bíonn daoine ag éirí tinn, teastaíonn taca míochaine uathu (bogann an dochtúir).
  - Anois, tá níos mó páistí ar an bhaile, tá níos mó scoileanna á n-oscailt agus teastaíonn múinteoirí (bogann na múinteoirí).
- Lig do na páistí ar mhata an bhaile mhóir tuairim is ar dhá nóiméad le labhairt le ceithre dhuine eile, misnigh iad le fáil amach cé hiad, cad é a dhéanann siad agus cad é mar a tharla sé gur bhog siad go dtí an chathair (ná lig do na páistí céimniú thar an mhata, díreoidh sin a n-aird ar chailleadh a gciall den spás).
- Ar ais sa seomra ranga tabhair am do na páistí lena n-eispéiris phearsanta a roinnt, san áireamh an dóigh ar mhothaigh siad nuair a chuaigh tuilleadh agus tuilleadh daoine a chónaí ar an bhaile mhór nó a d'fhág siad na sráidbhailte.



EFQM Excellence award Winner · Investor in People · ISO 9001 Registered · ISO 14001 Registered · The Sunday Times 100 Best Companies to Work For 2007 · OHSAS 18001 Registered · Northern Ireland Quality Award · Customer Service Excellence

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

ccea Rewarding Learning

SAMHLACHA, INNILL AGUS EITILT

Rúin Mholta Foghlama

- Athruithe ar tháinig forás orthu mar gheall ar fhorás sa teicneolaíocht a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh an dóigh ar thaistil daoine le tíortha úra a fhionnadh san am a chuaigh thart (Críostóir Columbas) agus cuir é seo i gcomparáid leis an dóigh a dtaistealóidh taiscéalaithe amach anseo go dtí domhain úra Chóras na Gréine. Taighid an dóigh a bhfeidhmíonn an Spás-Stáisiún Idirnáisiúnta mar ionad staid don taiscéalaíocht seo.

Tionscnaigh liosta torthaí suimiúla faoin spástaiscéaladh agus aontaigh mar rang ar an cheann is suimiúla. Cruthaigh amlíne an spásráis go dtí tuirlingtí Gealaí Apollo (mar shampla, an chéad ainmhí sa spás, an chéad fhear sa spás, an chéad bhean sa spás, an chéad siúl spáis srl).

NUÁIL (ar lean.)

Tabhair cuairt ar áiléir iompair Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh le fáil amach faoi fhoirmeacha éagsúla iompair ar fud na n-aoiseanna.

Faigh amach faoin leictreachas mar fhoinse fuinnimh agus faoi cheisteanna ábhartha sábháilteachta. Úsáid cadhnraí agus bolgáin le ciorcaid a thógáil. Fiosraigh ábhair a sheolann leictreachas. I ngrúpaí, úsáid eolas a fuarthas le lasca a dhearadh agus a dhéanamh. Roghnaigh samhail faoi chumhacht cadhnra a dhearadh agus a dhéanamh, mar shampla, teach solais, feithicil faoi chumhacht cadhnra, aghaidh áilteora le carbhat cuachóige rothlach nó srón a lasann.

Déan taighde ar úsáid cumhacht uisce agus gaoithe mar fhoinsí nádúrtha fuinnimh. Déan láithrithe grúpa. Dear agus déan samhlacha éagsúla ag úsáid foinsí éagsúla cumhachta, mar shampla, bád rotha tochrais, roicéad nó bugaí faoi chumhacht balúin.

Smaoinigh ar nuáil reatha san iompar, mar shampla, loingseoireacht satailíte i bhfeithiclí nó sa spástaisteal. Úsáid Roamer mar léiriú d'fheiste in-ríomhchláraithe. Spreag idéanna le hiompar don todhchaí a dhearadh.

NUÁIL

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go n-oibríonn fórsaí éifeacht ar ghluaiseacht.
- Bheith eolach ar chuid de na dóigheanna a n-oibríonn fórsaí éifeacht ar ghluaiseacht.
- Bheith eolach ar an dóigh le foinse fuinnimh a úsáid le linn dearadh agus déanamh.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan bailiúchán bréagán, samhlacha agus pictiúr a d'úsáid daoine san am a d'imigh agus san am i láthair agus cuir i gcomparáid iad. Fiosraigh agus labhair faoin dóigh a n-oibríonn siad, na hábhair a roghnaíodh le hiad a dhéanamh agus na daoine a d'úsáid iad. Grúpáil na bréagáin agus samhlacha de réir critéar roghnaithe agus taispeáin iad, mar sampla, ag úsáid léaráid trí bhealach Venn.

Úsáid an bailiúchán le deiseanna a sholáthar le cineálacha éagsúla ceiste a fhiafraí agus a fhreagairt.

Fiosraigh an dóigh a n-oibríonn fórsaí agus frithchuimilt éifeacht ar ghluaiseacht agus ar fhad.

GLUAISEACHT DAOINE

Rúin Mholta Foghlama

- Cuid de chúiseanna agus d'éifeachtaí gluaiseacht daoine a thuiscint.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse foinsí traidisiúnta agus digiteacha a úsáid i gcomhair taighde.
- An tábhacht atá le eolas a thaifeadadh go córasach a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Faigh amach faoi ghluaiseacht daoine roimhe seo i do cheantar áitiúil féin. Fiosraigh éifeachtaí gluaiseacht daoine i gcnámhscéal praiticiúil (féach thall). Pléigh eispéiris phearsanta gluaiseacht daoine, mar shampla, téann m'aintín a obair i mBéal Feirste, bhog mo chol ceathrair go Learpholl le dul ar an ollscoil nó cónaíonn agus oibríonn m'uncail i gCeanada.

Scríobh chuig nó cuir agallamh ar ghaolta lena fháil amach an ndearna siad aon bhogadh riamh, buntáistí agus míbhuntáistí an bhogtha agus cad é mar a mhothaigh siad srl. Smaoinigh ar na háiteanna a gcaithfimid dul chucu agus ar ais inár saol laethúil agus an chúis atá leis na bogaí seo. Úsáid bogearraí TFC mar 'Numberbox 2' le sonraí a thaifeadadh, a anailísiú agus a láithriú i bhformáid oiriúnach,

Curaclam
Thuaisceart Éireann

An Saol Faoi Lánseol

Eochairchéim: 2 Blianta: 5/6



Na hEalaíona

- obair ealaíontóirí;
- cnaguirlisí;
- fíoracha sreinge 3T;
- sceitsí;
- dráma.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- fanacht sábháilte;
- an dóigh a dtéann gluaiseacht i bhfeidhm orainn;
- turas tríd an saol.

An Domhan Thart Orainn

- gluaiseacht agus fuinneamh;
- áit.

Corpoideachas

- eitilt i ngleacaíocht;
- gníomhaíochtaí éagsúla coirp;
- seicheamhú gluaiseachtaí.

FÓCAS

Bíonn an domhan s'againn ag síorbhogadh agus ar fud 'An Saol Faoi Lánseol' faigheann na páistí amach faoi athrú agus ghluaiseacht ina mbeatha agus freagraíonn siad dóibh. Fiosraíonn siad cuid de na dálaí a théann i bhfeidhm ar ghluaiseacht daoine anois agus san am a d'imigh.

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

EITILT

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar an doigh le dóigheanna éagsúla gluaiseachta le sábháilteacht agus muinín a chomhcheangal.
- An dóigh le héisteacht le treoracha simplí agus iad a leanúint a thuiscint.
- Bheith eolach ar an dóigh le héagsúlacht trealaimh a úsáid le sábháilteacht.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid an téama 'Eitilt' mar spreagadh don ghluaiseacht. Cleacht léim ar an láthair le stiúir mhaith agus comhordú. Béim ar an tsábháilteacht in imeacht agus i dtuirlingt - feac na glúine, sála ar an urlár, droim díreach le linn tuirlingthe. Fiosraigh, cleacht agus beachtaigh léim agus tuirlingt ar an talamh, agus chun tosaigh ansin go léim agus tuirlingt ó ghaireas beag .i. binse, roimh léim a chleachtadh ón ard .i. tristéal.

Comhcheangail léim agus tuirlingt le gluaiseachtaí eile, mar shampla, taisteal, cothromaíocht agus rolladh. Forbair agus cleacht seicheamh simplí gluaiseachtaí ar an urlár ina bhfuil - gluaiseachtaí taistil, léim agus tuirlingt agus cothromaíocht. Athdhéan agus beachtaigh na gluaiseachtaí. Taispeáin an seicheamh do dhaoine eile. Pléigh agus measúnaigh a gcuid seicheamh féin agus cuid daoine eile.
Cleacht léim agus tuirlingt ó ghaireas níos mó .i. tristéal mór nó bosca gleacaíochta. Cinntigh cleachtas sábháilte i gcónaí. Úsáid gairis éagsúla le gluaiseachtaí taistil, eitilte, cothromaithe agus rollta a chomhcheangal. Forbair, cleacht agus beachtaigh seicheamh simplí, ag úsáid éagsúlacht gaireas, le réimse gluaiseachtaí a thabhairt san áireamh. Spreag na páistí le luas, treo, cruth agus leibhéil a athrú agus iad ag bogadh. Breathnaigh agus measúnaigh seichimh daoine eile.

Nóta: Caithfidh múinteoirí gach pointe riachtanach sábháilteachta a theagasc agus a chinntiú go mbíonn mataí san áit ina dtuirlingíonn na páistí.

ÁISEANNA Leathanach 1

Curaclam Thuaisceart Éireann

An Saol Faoi Lánseol

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Interlinks

Become a British Isles Explorer

Egyptians

Decisions 3

Encarta Encyclopaedia 2001

Encarta World Atlas

Information Workshop

Lego Robolab

The Map Detectives

Roamerworld

Microsoft Powerpoint

ComicLife – ar fáil ó www.plasq.com (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge leis an chlár seo)

PhotoStory3 – (Is féidir seó sleamhnán a chruthú go gasta a bheidh ar fáil ar C2K ó Mhí Mheán Fómhair 2009)

LearningNI – Network – Encarta

LearningNI – Network – Infomapper (Léarscáileanna OS)

Encarta Premium Suite 2003 – (Microsoft) Amharc faoi 'Curriculum Content – KS2'

Compose Junior World – (ESP) Amharc faoi 'Music Composition'

UimhirBhocsa – (Blackcat) Amharc faoi 'Spreadsheet'

2Simple Software – 2Connect: (Clár a dhéanann Gréasáin Topaicí.)

Beir Bua 1 CD ROM, – (Gael Linn) ISBN 1904174124

Beir Bua 2 CD ROM, – (Gael Linn) ISBN 1904174132

Gaelspell 2007 Litreoir Gaeilge, - (Cruinneog: 2008)

Ceart Gramadóir Do Windows, - (Cruinneog: 2008)

Ceart Gramadóir Do Windows, - (Cruinneog: 2008)

Suímh Ghréasáin Mholta

www.nga.gov/kids/stella/stella2.htm

Census.nisra@dfpni.gov.uk

www.education.lanl.gov/RESOURCES/science_at_home/SAH.rocket.html

www.mos.org/sln/Leonardo/LeoHomePage.html

www.unicef.org

www.oneworld.org/sef

www.hri.ca/inde.htm (Children's Rights' Section)

www.crocodileclips.com/m6_4_1.htm (downloadable simulation software to construct model circuits)

www.bbc.co.uk/ni/learning

www.channel4.com/learningshop Wikipedia space exploration site

www.bigpic.biz
(One World Centre Citizenship website for kids)

www.magni.org.uk
(National Museums and Galleries of Northern Ireland)

www.esa.int/esaHS/index.html

www.spaceflight.nasa.gov/history/

Wikipedia space exploration site

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/
(Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia' – 6 fhíseán ar fad')

www.ga.wikipedia.org (Wikipedia i nGaeilge)

www.ceim.gaa.ie/menranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

www.makebeliefscomix.com/ (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)

http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=312 (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka' ó COGG): 3.1 'Tine', 3.18 'Eitilt: Éin agus Eitleáin, 3.22 Páipéar

An Saol Faoi Lánseol

Áiseanna Digiteacha

Suímh Ghréasáin Mholta

http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311 (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.7 Éist le hEolaíocht, 2.19 'Leictreachas',

http://ec.europa.eu/ireland/schools_page/resources/passport_ga.pdf
(Cáipéis leictreonach ar 'An tAontas Eorpach)

www.cogg.ie/pdf/notaiTSIomlan.pdf (Lch. 45-48: Na cineálacha difriúla seoltaí a d'úsáid Críostóir Colambas.)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/490/gaeilge/
(Físeán ar 'Loch Mac nÉan' - Clár faoin nadúr agus faoin ealaín thart ar Loch Mac nÉan i gCo. Fhear Manach')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/501/gaeilge/
(Físeán ar 'Fuinneamh In-athnuaite')

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/
(Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Ceol (Físeán 4)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/
(Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/
(Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire –Rac-Cheol (Físeán 6)

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/
(Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia – 6 fhíseán ar fad')

http://www.ltscotland.org.uk/onthemoney/irishgaelic.asp
(Leabhair a chuidíonn le daltaí cúrsaí airgid a thuiscint.)

http://www.nicurriculum.org.uk/key_stages_1_and_2/areas_of_learning/personal_development/living_learning_together/year5.asp
(Áiseanna CCEA ar 'Beo, Foghlaim, le Chéile')

www.learningni.net Net work • Audio Network
(Ceol agus fuaimeanna saor in aisce – i mBéarla)

www.cogg.ie/StudentMaterials/stm.aspx?id=325
(An Stair Mórthimpeall Orm: Áiseanna an Mhúinteora)

www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/
(Áiseanna do pháistí ar an Timpeallacht)

http://www.bbc.co.uk/irish/video/9/gaeilge/
(Réimse leathan de shuímh gréasáin agus fhiseáin a bhaineann leis an dúlra agus an timpeallacht)

www.learningni.net
(Cuardaigh 'An Fheirmeoireacht san Am atá Thart')

www.learningni.net (Cuardaigh 'Somethingfishy')

www.learningni.net
(Cuardaigh 'Poist Thábhachtacha i mo Phobal')

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Planning for Progress in Art and Design - p41 (Northern Ireland Education and Library Boards)

Music Box Songbook,
Barry Gibson (BBC Books:1987) ISBN: 0563213434

Appusskidu (A&C Black)

The Way Things Work, David Macaulay and Neil Ardley (Dorling Kindersley:2004) ISBN: 1405302380

Footsteps into Science, Douglas P. Newton and Lynn Newton (Stanley Thornes Ltd:1987) ISBN: 085950669X

Search Out Science,
M. Horn, A. Orchard, B. Peters, G Gething, F Marshall and D. Ward (Longman:1990) ISBN: 0582062470

Happy Heart: v. 2, Health Education Authority (Nelson Thornes:1990) ISBN: 0174231679

Primary School Gymnastics: A Teaching Manual KS2, Val Sabin, (Val Sabin Publications: 2002)

Lift Off - Introducing Human Rights Education within the Primary Curriculum Cross Border Primary Human Rights Education Initiative 2003, Age 8-10, (Amnesty:2003)

Primary Values (CCEA:2001)

That's Not Fair!: A Resource for Exploring Moral Issues in Primary and Middle Schools,
Barry Miller and Trish Miller (Religious and Moral Education Press:1992) ISBN: 0080404529

Safety (Healthy Schools), Schools Health Education Unit (KCP Publications:2000) ISBN: 1902361555

Commonweath Games 2002 Spirit of Friendship Education Pack

ÁISEANNA Leathanach 3

An Saol Faoi Lánseol

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Ceol Abú Rang 3, -
(Carroll Education) ISBN: 9781844500987

Ceol Abú Rang 4, -
(Carroll Education) ISBN: 9781844500994

Leabhar Mór an Eolais, -
(An Gúm: 2008) ISBN: 9781857916348

Iontas an Domhain, - (An tÁisaonad: 1999)

Rogha Gach Bia, -
(An tÁisaonad: 2007) ISBN: 9780732747459

Féach Thart 3, - (An Gúm: 2004) ISBN: 1857912772

Féach Thart 4, - (An Gúm: 2002) ISBN: 1857912829

Timpeall an Domhain Rang 4, -
(Folens: 2008) ISBN: 9781847410672

Timpeall an Domhain Rang 5, -
(Folens: 2008) ISBN: 9781847410689

Amelia Earhart, -
(An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748142

Siúl Siar 3, - (Prim-Ed) ISBN: 1864002026

An Stair Mórthimpeall Orm 3, -
(COGG: 2003) ISBN: 095472335X

An Stair Mórthimpeall Orm 4, -
(COGG: 2003) ISBN: 0954723341

Turas go Meiriceá, -
(An Gúm: 2001) ISBN: 9781857914078

Gach Dath Faoin Spéir, -
(Futa Fata: 2009) ISBN: 9780955098383

Cúrsaí an tSaoil 3, -
(An tÁisaonad: 2005) ISBN: 1903597404

Seo an Eolaíocht – Na Cúig Chéadfa, -
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597013

Seo an Eolaíocht – Do Chorp, -
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589037

Seo an Eolaíocht – Ag Fás Aníos, -
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597013

Seo an Eolaíocht – Bia, -
(An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597021

Céim ar Chéim 13 – Súil ar do Chorp, -
(An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130475

Céim ar Chéim 13 - Turas Eoin, -
(An tÁisaonad: 2004) **ISBN: 0790130491**

Céim ar Chéim 15 – Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe, - (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130572

Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

Dance of the Tumbler by Rimsky-Korsakov

Dancing Doll by Poldini

The Acrobats from the 'Bartered Bride' by Smetana

The Clock by Haydn: Symphony no. 101

The Viennese Musical Clock from Hary Janas Suite by Kodaly

32 pieces for mechanical clocks by Haydn

CCEA Resource – **Music at KS 2 – "The Twittering Machine".**

BBC Radio, **Today and Yesterday, The World Around Us: People on the Move,** includes:

Invasions

The Developing World

A Better Life

and **The World Around Us:**
The Way We Live – 'Changing Times'
Spring 2004 (cassette order code 040261)

Teacher's notes and interactive material available on the 'today and yesterday' website

BBC Television, **'The World Around Us – Science'** Spring 2004

Forces and Energy

The International Space Station primary school kit (available from Armagh Planetarium)

4Learning Videos: 'Action Forces' order code: 187111 (see website)

Tíreolaíocht le Cormac agus Órla CD ROM, - (Fios Feasa: 2005)

Amhrán is Fiche Eile CD ROM, - (Fios Feasa: 2005)

Mo Cheol Thú + CD, - (An Chomhlacht Oideachais)

ISBN 978 1 845 360207

A Stór 's a Stóirín CD, - (Gael Linn) Pádraigín Ní Uallacháin

Cúl agus Cúilín CD, - (Aonar Publications: 2003) Malachy Duffin

ÁISEANNA Leathanach 4

An Saol Faoi Lánseol

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha	Áiteanna Cuartaíochta
Le sonraí daonáirimh a iarraidh glaoigh ar Ghníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann: 028 90348160	Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh Daonpháirc Uladh-Mheiriceá Taispeántais Phláinéadlann Ard Mhacha

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, tá na suímh ghréasáin mholta beo.

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 🖷 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

An Saol Faoi Lánseol

Curaclam Thuaisceart Éireann

Cur Le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Úsáid na Matamaitice

- An teanga a bhaineann le línte agus uillinneacha a fhiosrú agus a úsáid;
- Barra-chairteacha ar aiseanna tugtha a tharraingt agus a lipéadú;
- Imeacht an ama idir dhá dháta nó am a tugadh a áireamh;
- Gléasanna in-ríomhchláraithe mar Black Cat agus Logo a úsáid le hionad, gluaiseacht agus treo a fhiosrú.

Cumarsáid

- Éisteacht go gníomhach agus freagairt le soiléire ag úsáid stór focal cuí le tuiscint de thasc a léiriú;
- Foinsí éagsúla a úsáid le heolas/ábhair ábhartha a aithint agus a roghnú do thasc/ghníomhaíocht;
- Labhairt ar dhóigh struchtúrtha ag cloí leis an ábhar le freastal ar riachtanais lucht éisteachta agus chuspóra;
- Teanga chuí a úsáid lena smaointeoireacht a mhíniú agus le hidéanna agus tuairimí a chosaint agus tacú leo;
- Éisteacht le agus freagairt do réimse níos leithne ceisteanna;
- Comhoibriú le daoine eile trí éisteacht chúramach, ag cur leis an chomhrá agus ag fiafraí ceisteanna a fhreagraíonn d'idéanna agus do dhearcadh daoine eile;
- Tosaú a mhachnamh ar an dóigh ar labhair siad agus ar cad é mar a láimhsigh siad coinbhinsiúin na cainte;
- Foinsí cuí a chuimseodh réimse leathnaitheach údar/téacsanna, eolas idirlín srl a roghnú;
- Modh oiriúnach le heolas a roghnú, a chomhordú agus a eagrú, agus a úsáid i gcomhar le múinteoirí agus comhpháirtithe;
- Socrú ar bhain siad amach a gcuspóir sa léitheoireacht agus tosú a mholadh idéanna ar an dóigh lena léitheoireacht a fheabhsú nó a leathnú;
- Tosú a léiriú comharthaí dáimhe le carachtair agus cásanna trí fhéachaint le machnamh ar smaointe, mhothuithe agus eispéiris;
- Oibriú i gcomhar mar ghrúpa, ag taifeadadh agus ag tuairisciú a dtorthaí le mionsonraí cuí;
- Léamh go neamhspleách ó réimse leathan téacsanna chun suilt agus/nó ar shainchuspóir;
- Cuspóir an taisc a dhearbhú agus tosú a aithint an lucht éisteachta;
- An fhoirm, stíl agus struchtúr atá le húsáid a phlé agus a aithint;
- Smaointe don scríbhneoireacht a thionscnamh agus a eagrú;
- Léirbhríonna agus/nó dearcadh a chur in iúl agus cúiseanna lena dtuairimí a thabhairt;
- Idéanna, tuairimí agus eolas a chur in iúl agus a eagrú go soiléir;
- Oibriú le páirtithe ranga ar thograí comhoibríocha;
- Oibriú (le nó gan aosaigh) i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó mar rang iomlán le heolas nó idéanna a léiriú ar chuspóir tugtha.

An Saol Faoi Lánseol

Cur Le Forbairt Scileanna

Úsáid TFC

- Eolas ó réimse foinsí agus áiseanna acmhainní digiteacha tugtha a aimsiú, a roghnú, a eagrú agus a úsáid;
- Eolas/sonraí a thacódh le topaic ag úsáid réimse foinsí agus áiseanna digiteacha a thaighde, a bhailiú, a eagrú, a láithriú agus a anailísiú;
- Obair a chruthú agus a athdhréachtú ag comhcheangal téacs, fuaime agus/nó grafaicí á láithriú agus á cur in iúl ar dhóigheanna éagsúla a léiríonn feasacht do lucht éisteachta agus chuspóir;
- Sraith treoracha le fadhbanna a fhuascailt a dhéanamh agus a eagrú ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha;
- Fadhbanna a fhuascailt le fiosrú, tástáil agus leasú gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach: Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

Bheith Cruthaitheach: Glacadh am le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosrachta, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, an ghnách agus an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú ceisteanna san fhíorshaol.

Ag Obair le Daoine Eile: Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumais foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaithe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna daoine eile.

Féin-Bhainistiú: Seiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú le tascanna. Athbhreithniú an dóigh a ndearnadh an obair agus ghné éigin di a thiocfadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning